Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Nollaig 2024
(OR. en)

16925/24

SUSTDEV 132
ONU 152
ENV 1230
DEVGEN 209
AG 201

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 17 Nollaig 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16513/24 |
| Ábhar: | An tAontas Eorpach níos faide ná leath bealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030: comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe chun dlús a chur leis an obair ar na SFInna<br>– Conclúidí ón gComhairle (an 17 Nollaig 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle dar teideal ‘An tAontas Eorpach níos faide ná leath an bhealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030: comhtháthú beartas le haghaidh forbairt inbhuanaithe chun dlús a chur leis an obair ar na SFInna’, mar a d’fhormheas an Chomhairle iad ag an 4072ú cruinniú a bhí aici an 17 Nollaig 2024.

**An tAontas Eorpach níos faide ná leath an bhealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030:**

# COMHTHÁTHÚ BEARTAS LE hAGHAIDH FORBAIRT INBHUANAITHE CHUN DLÚS A CHUR LEIS AN OBAIR AR NA SFInna

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

**DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

1. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* go bhfuil an tAontas Eorpach agus na Ballstáit tiomanta i gcónaí do chur chun feidhme cuimsitheach éifeachtach Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) a ghabhann leis, ina ghníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach araon, agus i gcomhaontuithe agus ionstraimí móra iltaobhacha eile, ar bhealach cuimsitheach, fianaise-bhunaithe, gníomhaíocht-dhírithe agus réamhbhreathnaitheach, agus athdhearbhaíonn sí tiomantas an Aontais agus na mBallstát don Chomhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe (CBFI).

2. *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* go seasfaidh an tAontas agus na Ballstáit go diongbháilte leis na Náisiúin Aontaithe agus leis na prionsabail a chumhdaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe agus go neartóidh siad na hiarrachtaí, i ngach fóram idirnáisiúnta, chun an t-ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus an smacht reachta, an t-iltaobhachas, an tsíocháin dhomhanda, an ceartas agus an chobhsaíocht, chomh maith leis an daonlathas, cearta uilíocha an duine, an comhionannas inscne agus baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn, ag seasamh leis an bprionsabal nach bhfágfar aon duine ar lár, mar a athdhearbhaítear i gClár Oibre Straitéiseach an Aontais 2024-2029. I ndáil leis an méid sin, *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* na gealltanais a tugadh agus an méid a iarradh sna conclúidí ón gComhairle roimhe seo[1] inar díríodh ar Chlár Oibre 2030 a chur chun feidhme.

[1] ‘Todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (10370/17), ‘I dtreo Aontas inmharthana níos inbhuanaithe faoi 2030’ (8286/19), ‘Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 — An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile’ (14835/19), ‘Cur chuige cuimsitheach chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe — Atógáil ar bhealach níos fearr tar éis ghéarchéim COVID-19’ (9850/21), ‘An tAontas Eorpach agus é leath bealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030: an claochlú a stiúradh agus an dul chun cinn a bhrostú ar gach leibhéal’ (11084/23) agus ‘Clár Oibre 2030 a fhorbairt chun na cuspóirí a bhaint amach:  dlús a chur le logánú na SFInna’ (ST 15939/23)

3. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR*, cé go bhfuilimid níos faide ná leath bealaigh trí chur chun feidhme Chlár Oibre 2030 ar an leibhéal domhanda, gur fada uainn fós baint amach na SFInna, mar a léiríodh sa Tuarascáil is déanaí maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe[2]; *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* freisin gur cúis imní di nach bhfuil baint amach na spriocanna ar leibhéal an Aontais ag dul chun cinn ar an luas ceart agus go bhfuil cúlú ann, fiú, le blianta beaga anuas, mar a doiciméadaíodh i dtuarascáil faireacháin 2024 maidir leis an dul chun cinn i dtreo na SFInna[3] a d'fhoilsigh Eurostat, agus ar an gcaoi sin *MOLANN SÍ* don Choimisiún aird chuí a thabhairt ar na cúluithe sin, agus a chéad chlár oibre eile á ghlacadh aige, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na SFInna a bhaint amach go hinmheánach agus go seachtrach araon.

4. *CUIREANN SÍ IN IÚL* freisin gur cúis imní di na héifeachtaí carnacha diúltacha a bhaineann leis an ngéarchéim phláinéadach thriarach ina gcuimsítear an t-athrú aeráide, an truailliú agus cailliúint na bithéagsúlachta, moilliú na gníomhaíochta ar son na haeráide, rioscaí méadaitheacha sláinte, comhshaoil agus slándála sóisialta ón truailliú, an timthriall uisce domhanda suaite, an dífhoraoisiú, an gaineamhlú agus an díghrádú talún, an ghéarchéim dhomhanda slándála bia agus cothaithe, suaitheadh na bpraghsanna tráchtearraí, agus an baol méadaitheach bochtaineachta agus neamhionannais ar fud an domhain, a dhéanann difear do mhná agus do chailíní agus do na daoine is leochailí go háirithe, go háirithe i dtíortha ina bhfuil córais leochaileacha cosanta sóisialta, chomh maith leo siúd dár cás coinbhleachtaí atá ag teacht chun cinn agus ag tarlú arís agus arís eile nó bagairtí méadaitheach.

5. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* gur bunchoinníoll í an tsíocháin don fhorbairt inbhuanaithe: cáineann an tAontas agus a Bhallstáit gach cineál ionsaithe agus is cúis mhór imní dóibh i gcónaí na coinbhleachtaí leanúnacha atá ar siúl ar fud an domhain, agus *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* go bhfuil sé ríthábhachtach cearta an duine a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach sna diminsin shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil, agus, ar an gcaoi sin, aithníonn sí an t-idirspleáchas agus an idirnascthacht láidir idir na SFInna agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, mar a tugadh faoi deara i roinnt mhaith rún ó Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus i roinnt mhaith tuarascálacha ó Oifig an Ard-Choimisinéara um Chearta an Duine[4].

---

[2] *The Sustainable Development Goals Report 2024* [Tuarascáil faireacháin 2024 maidir leis na SFInna]https://unstats.un.org/sdgs/report/2024/

[3] *Sustainable development in the European Union: monitoring report on progress towards the SDGs in an EU context – 2024 edition* [Forbairt inbhuanaithe san Aontas Eorpach: tuarascáil faireacháin a an dul chun cinn i dtreo na SFInna i gcomhthéacs Eorpach - eagrán 2024] https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-flagship-publications/w/ks-05-24-071

[4] Lena n-áirítear: https://documents.un.org/doc/undoc/gen/g19/338/40/pdf/g1933840.pdf

**CHUN TEACHT AR CHOMHAONTÚ MAIDIR LE BEARTAS COMHTHÁTHAITHE AR MHAITHE LE FORBAIRT INBHUANAITHE, DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS:**

6. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* Dearbhú Aireachta an Fhóraim Ardleibhéil Polaitíochta um Fhorbairt Inbhuanaithe 2024 agus go háirithe an gealltanas a thug na hairí agus na hardionadaithe go ngníomhóidís go práinneach chun fís agus spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach mar phlean gníomhaíochta do dhaoine, don phláinéad, don rathúnas, don tsíocháin agus don chomhpháirtíocht, agus na gníomhaithe ábhartha uile atáthar a spreagadh chun gur fearr a thabharfar aghaidh ar idirnaisc, sineirgí agus comhbhabhtálacha idir na SFInna agus ar éifeachtaí seach-iarmharta[5], go háirithe i gcás na dtíortha atá i mbéal forbartha, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an gcomhtháthú beartais ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe[6].

7. Ina theannta sin *IS DÍOL SÁSAIMH DI* torthaí Chruinniú Mullaigh na Todhchaí, is é sin an Comhshocrú don Todhchaí, an Comhshocrú Digiteach Domhanda agus an Dearbhú do na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh, ar céimeanna ríthábhachtacha iad lena neartaítear a thuilleadh an comhar iltaobhach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na glúine seo agus na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh agus chun a leasanna a chosaint, agus *IS DÍOL SÁSAIMH DI* gur aithin na cinn stáit agus rialtais gur cuspóir lárnach den iltaobhachas i gcónaí iad na trí ghné den fhorbairt inbhuanaithe[7].

---

[5] Éifeachtaí trasteorann na bpatrún náisiúnta tomhaltais, táirgthe agus trádála mar aon le héifeachtaí na margaí airgeadais ar fhorbairt inbhuanaithe i dtíortha eile is ea éifeachtaí iarmharta. Tagann siad faoi chatagóirí an chomhshaoil, na socheacnamaíocha, na slándála agus an rialachais/an mhaoinithe. Is éifeachtaí seach-iarmharta diúltacha iad, mar shampla, astaíochtaí gás ceaptha teasa, úsáid neamh-inbhuanaithe uisce agus acmhainní talún, nó drochdhálaí oibre feadh slabhraí soláthair agus luacha domhanda. https://sdgtransformationcenter.org/spillovers

[6] Dearbhú Aireachta ón bhfosheisiún ardleibhéil ag seisiún 2024 den Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta agus ó Fhóram Ardleibhéil Polaitíochta um Fhorbairt Inbhuanaithe 2024, a tionóladh faoi choimirce na Comhairle, dar teideal *Reinforcing the 2030 Agenda for Sustainable Development and eradicating poverty in times of multiple crises: the effective delivery of sustainable, resilient and innovative solutions* [Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe a threisiú agus deireadh a chur leis an mbochtaineacht tráth géarchéimeanna iomadúla: seachadadh éifeachtach réiteach inbhuanaithe, athléimneach agus nuálach] https://documents.un.org/doc/undoc/gen/n24/227/44/pdf/n2422744.pdf.

[7] *Pact for the Future* [An comhshocrú don todhchaí] https://www.un.org/sites/un2.un.org/files/sotf-pact_for_the_future_adopted.pdf

8. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* a ríthábhachtaí atá sé neart a chur leis an gcomhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe (CBFI) ar fud na mbeartas inmheánach agus eachtrach chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin chasta atá roimh iomaíochas an Aontais mar a mhínítear sna tuairiscí a thionscain an Coimisiún Eorpach agus a foilsíodh le déanaí : Tuarascáil Draghi[8], Tuarascáil Letta[9] agus Tuarascáil Niinistö[10]. Go bunúsach, cuireann CBFI le héifeachtacht, éifeachtúlacht agus cuimsitheacht na dtionscnamh forbartha inbhuanaithe, agus tacaíonn sé le cineálacha cur chuige córasbhunaithe, as a dtagann torthaí níos fearr do dhaoine, don phláinéad agus don rathúnas. Trí iarrachtaí a chomhchuibhiú agus trí dhíriú ar na hidirnaisc idir SFInna éagsúla, is é is aidhm do CBFI éifeachtaí seach-iarmharta diúltacha agus comhbhabhtálacha a íoslaghdú agus sineirgí dearfacha a uasmhéadú, agus san am céanna rannchuidiú le logánú na SFInna i gcomhthéacs an rialachais il-leibhéil, mar a tugadh faoi deara i gconclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2023 (15939/23)[11]. Cothaítear comhleanúnachas beartais trí aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar bhunchúiseanna na ndúshlán a bhaineann leis an bhforbairt inbhuanaithe, trí chuntasacht a fheabhsú, trí fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna forbartha inbhuanaithe agus trí phróisis rialachais chuimsitheacha agus rannpháirteacha a chur chun cinn. Imríonn an comhtháthú beartas ar mhaithe le forbairt ról ríthábhachtach in CBFI freisin trí aghaidh a thabhairt ar thionchair ár mbeartas ar an bhforbairt in áiteanna eile. *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* freisin gur féidir réitigh atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus cóir go sóisialta a sholáthar trí aistriú ó gheilleagar líneach go geilleagar ciorclach a bhfuil samhail eacnamaíoch chomhtháite ina chroílár, agus ar an gcaoi sin an athléimneacht a fheabhsú agus an chuimsitheacht a chur chun cinn, agus chuige sin *IS DÍOL SÁSAIMH DI* Dearbhú Bhúdaipeist maidir leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa ina n-iarrtar ar an gCoimisiún an Gníomh um an nGeilleagar Ciorclach uaithi a thíolacadh.

---

8 *The future of European competitiveness – A competitiveness strategy for Europe* [Todhchaí iomaíochas na hEorpa - straitéis iomaíochais don Eoraip] https://commission.europa.eu/topics/strengthening-european-competitiveness/eu-competitiveness-looking-ahead_en

9 Enrico Letta, *Much more than a market* [Margadh Thar an gCoitiantacht] https://www.consilium.europa.eu/media/ny3j24sm/much-more-than-a-market-report-by-enrico-letta.pdf

10 *Strengthening Europe's civil and military preparedness and readiness* [Ullmhacht shibhialta agus mhíleata na hEorpa a neartú] Tuarascáil ón gComhairleoir Speisialta Niinistö - https://commission.europa.eu/topics/defence/safer-together-path-towards-fully-prepared-union_en

11 Clár Oibre 2030 a fhorbairt chun na cuspóirí a bhaint amach: dlús a chur le logánú na SFInna (ST 15939/23) https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-15939-2023-INIT/en/pdf

9. *LEAGANN SÍ BÉIM* ar an ngá le haghaidh a thabhairt ar an gComhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe (CBFI) d'fhonn idirphlé le foirmíochtaí eile de chuid na Comhairle a chur chun cinn, agus dúbláil á seachaint ag an am céanna, agus ar an ngá le comhordú a dhéanamh le hinstitiúidí agus comhlachtaí Eorpacha, mar shampla Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún agus é d'aidhm ionchur atá dírithe ar ghníomhaíocht a chur ar fáil chun dlús a chur leis an dul chun cinn go hinmheánach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon. *IS DÍOL SÁSAIMH DI* an ról atá ag Clár an Choimisiúin maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil ó thaobh tacú le CBFI trí athchóirithe rialachais agus cláir oiliúna d'oifigigh phoiblí ar leibhéal na mBallstát agus *MEASANN SÍ* gur luachmhar í gníomhaíocht na mBallstát sa réimse sin chun dul chun cinn a dhéanamh.

10. *MEABHRAÍTEAR DI* gur freagracht chomhroinnte é Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme, a éilíonn úinéireacht láidir náisiúnta agus rannpháirtíocht leanúnach fhóinteach na bpáirtithe leasmhar agus na ngníomhaithe uile, go háirithe gníomhaithe agus rialtais réigiúnacha agus áitiúla, comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach, an saol acadúil, mná agus an óige. *AITHNÍONN SÍ* nach féidir forbairt inbhuanaithe a bhaint amach ach amháin trí chur chuige comhtháite, córasach, iomlánaíoch, uile-rialtais agus uile-shochaí lenar féidir feasacht an phobail a mhúscailt agus gníomhaíocht chomhchoiteann chomhleanúnach a chur chun cinn ar gach leibhéal, agus trí threoir agus moltaí idirnáisiúnta a chur san áireamh, mar shampla, creat Chlár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe maidir le SFI 17.14.1 a thomhas, Moladh 2019 ECFE maidir le CBFI, an tionscnamh dar teideal 'Local2030 Coalition' a bhaineann le córais na Náisiún Aontaithe chomh maith le heispéiris náisiúnta eile sa réimse sin.

11. *LEAGANN SÍ BÉIM* ar a thábhachtaí atá sé úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainní airgeadais, ar gá iad a shlógadh ó gach foinse, go háirithe infheistíochtaí príobháideacha, chun tacú leis an bhforbairt inbhuanaithe agus leis an ngníomhú ar son na haeráide. I ndáil leis an méid sin, *IS DÍOL SÁSAIMH DI* na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun an t-ollstruchtúr airgeadais idirnáisiúnta a athchóiriú chun an maoiniú don fhorbairt inbhuanaithe a neartú i gcomhréir leis na torthaí ó Chruinniú Mullaigh na Todhchaí agus le tionscnaimh eile chun na críche sin, mar shampla Comhshocrú Pháras le haghaidh an Duine agus an Domhain, *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* tiomantas an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát rannchuidiú go suntasach leis an 4ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta, a bheidh ar siúl sa Spáinn in 2025, agus ar deis ríthábhachtach í chun gníomhaíochtaí tosaíochta a shainaithint chun cabhrú leis an mbearna acmhainní a dhúnadh chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht, leis an ocras agus le neamhionannais, agus chun dlús a chur le cur chun feidhme na SFInna uile faoi 2030. I ndáil leis an méid sin, *CUIREANN SÍ I dTREIS* freisin a ríthábhachtaí atá sé acmhainní intíre a chothú chun maoiniú don fhorbairt a shlógadh, mar a leagtar amach i gClár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa, agus *ATHDHEARBHAÍONN SÍ* tiomantas Bhallstáit an Aontais i dtaca le athshlánú rathúil IDA21 arna dhéanamh ag an mBanc Domhanda.

12. *AITHNÍONN SÍ* an ról ríthábhachtach atá ag maoiniú chun na SFInna a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach sásraí agus straitéisí airgeadais a cheapadh ar bhealach a chuireann comhleanúnachas beartais chun cinn ar fud an iliomad earnálacha agus leibhéal trí acmhainneacht shineirgisteach iarrachtaí CBFI a ghiaráil. Chun tacú le CBFI ar leibhéal an Aontais, ba cheart an rannchuidiú leis na SFInna agus leis na creataí cur chun feidhme le haghaidh clársceidealú airgeadais Eorpach, lena n-áirítear Beartais Chomhtháthaithe na hEorpa, a shamhaltú agus a thomhas. *LEAGANN SÍ BÉIM* ar a thábhachtaí atá tionscnaimh faoi chreat an Aontais maidir le maoiniú inbhuanaithe chun níos mó cistiúcháin ón earnáil phríobháideach a dhíriú ar na SFInna.

13. *LEAGANN SÍ BÉIM* ar a thábhachtaí atá cinnteoireacht fhianaisebhunaithe agus a thábhachtaí atá sé sonraí a bhailiú agus rochtain a chur ar fáil orthu, gan ualaí breise riaracháin, chun tuiscint a fháil ar na hidirnaisc idir SFInna, chun tacú le staidreamh foriomlán agus cinnteoireacht eolaíochtbhunaithe, agus, dá réir sin, iarrachtaí CBFI a chomhtháthú a thuilleadh. Dá bhrí sin, *AITHNÍONN SÍ* an ról bunúsach atá ag staidreamh oifigiúil maidir le sonraí ardcháilíochta, tráthúla, iontaofa agus imdhealaithe a tháirgeadh chomh maith le léargais ilghnéitheacha staidrimh atá ríthábhachtach chun beartais iomlánaíocha agus chomhtháite a cheapadh i gcomhréir leis na cleachtais atá ann cheana. I ndáil leis an méid sin, *AITHNÍONN SÍ* measúnú Eurostat ar éifeachtaí seach-iarmharta tomhaltais an Aontais ar domhan sa tuarascáil bhliantúil is déanaí uaidh agus MOLANN SÍ freisin do Eurostat athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar thionchar na ngníomhaíochtaí intíre i dtíortha comhpháirtíochta, go háirithe i dtíortha an-leochaileach, lena n-áirítear na Tíortha is Lú Forbairt agus na Stáit Oileánacha Bheaga atá i mBéal Forbartha, mar a beartaíodh le SFI 17.14. Dá bhrí sin, *IS DÍOL SÁSAIMH DI* Deich mBliana Idirnáisiúnta na nEolaíochtaí don Fhorbairt Inbhuanaithe 2024-2033, a glacadh le Rún 77/326 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, agus Tuarascáil 2023 maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe Dhomhanda, arb é is aidhm di achoimre a thabhairt ar na príomhathruithe claochlaitheacha is gá i sé phointe iontrála (dea-bhail agus cumais an duine, geilleagair inbhuanaithe agus chóra, córais bhia agus cothú sláintiúil, dícharbónú fuinnimh le rochtain uilíoch, forbairt uirbeach agus pheirea-uirbeach agus coimíneachtaí comhshaoil domhanda). *IS DÍOL SÁSAIMH DI* freisin an chéad Athbhreithniú Domhanda a tugadh chun críche ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide COP28, inar sonraíodh staid dhomhanda na himeartha maidir le gníomhú ar son na haeráide, agus an 6ú Tuarascáil Mheasúnachta ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC), ina ndéantar achoimre ar staid an eolais maidir leis an athrú aeráide, na tionchair agus na rioscaí forleathana a bhaineann leis, agus maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin. *TATHANTAÍONN* sí ar na Páirtithe uile obair leantach a dhéanamh agus na hiarrachtaí domhanda a comhaontaíodh sa Chinneadh maidir leis an Athbhreithniú Domhanda a léiriú trí rannchuidithe arna chinneadh go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme agus a uas-scálú ar bhealach pras uaillmhianach, agus iad a thíolacadh i bhfad roimh COP30, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

14. Ag tógáil ar na gealltanais atá ann cheana a bunaíodh sna Conarthaí agus sa Chomhdhearcadh Eorpach maidir le Forbairt, agus ar rannchuidiú tábhachtach an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* a phráinní atá sé dul chun cinn comhchoiteann a dhéanamh maidir leis na gnéithe seo a leanas den CBFI d'fhonn an fhorbairt inbhuanaithe agus Clár Oibre 2030 a chur i gcroílár rialachas an Aontais:

14.1 An fhorbairt inbhuanaithe a phríomhshruthú: Clár Oibre 2030 agus a SFInna a chomhtháthú i gcur chun feidhme an Chomhshocraithe trí gach ceann de thrí ghné na hinbhuanaitheachta a leabú sa phleanáil beartais, san fhorbairt, sa chur chun feidhme agus sa mheastóireacht, laistigh de na hinniúlachtaí faoi seach. Ba cheart go gcuimseofaí leis sin soláthar tionscnamh fothaithe acmhainneachta agus oiliúna, lena n-áirítear ceardlanna agus ardáin comhroinnte eolais do lucht ceaptha beartas, arb é is aidhm dóibh saineolas a chothú agus sineirgí beartais agus cineálacha cur chuige comhtháite a chothú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Trína áirithiú go bhfuil na beartais ábhartha comhleanúnach agus go rannchuidíonn siad go fóinteach leis na SFInna a bhaint amach, is féidir linn breithnithe maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe a chorprú go héifeachtach ar fud na réimsí beartais ábhartha uile ar gach leibhéal, laistigh de na hinniúlachtaí faoi seach.

14.2 Pleanáil, clársceidealú agus comhordú comhtháite: Sásraí agus uirlisí a mhapáil, a neartú agus a cheapadh le haghaidh pleanáil, clársceidealú agus comhordú comhtháite ar fud na réimsí beartais ábhartha. Is éard atá i gceist leis sin deireadh a chur le bacainní agus comhar a chothú i measc earnálacha, cur chuige fadbhreathnaitheachta straitéisí a ghlacadh chun a áirithiú go mbeidh beartais agus gníomhaíochtaí comhleanúnach agus ailínithe ar fud na SFInna le Straitéisí um Fhorbairt Inbhuanaithe, i gcás inarb ann dóibh. Is éard atá i gceist leis freisin an timthriall beartais a chur in oiriúint don fhorbairt inbhuanaithe.

14.3 Measúnuithe ar thionchar beartais: Tá sé ríthábhachtach measúnuithe rialta córasacha a dhéanamh ar thionchar na mbeartas agus na gclár agus a gcur chun feidhme ar na SFInna. Is éard atá i gceist leis sin meastóireacht a dhéanamh, *ex ante* i gcás inarb ábhartha, ar shineirgí féideartha, comhbhabhtálacha, éifeachtaí carnacha agus iarmhairtí neamhbheartaithe, lena n-áirítear éifeachtaí seach-iarmharta diúltacha ar fud earnálacha éagsúla agus i leith tíortha comhpháirtíochta chun cinnteoireacht fheasach a chumasú agus pleanáil agus comhleanúnachas comhtháite a chur chun cinn. Cuireann an creat um rialáil níos fearr treoirlínte daingne agus bosca uirlisí ar fáil le haghaidh measúnú tionchair ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

14.4 Faireachán agus tuairisciú ar chomhtháthú beartas: Sásraí láidre faireacháin agus tuairiscithe a chothú chun an dul chun cinn i dtreo CBFI éifeachtach a rianú bunaithe ar chreat táscairí 17.14.1. Áirítear leis sin measúnú rialta a dhéanamh ar tháscairí comhleanúnachais beartais, bearnaí agus dúshláin a shainaithint, feabhas ar chórais faireacháin a chur chun cinn, agus torthaí a chomhroinnt le páirtithe leasmhara ábhartha chun cinnteoireacht eolasach agus cuntasacht fheabhsaithe a chothú, mura bhfuil siad i bhfeidhm go fóill agus nuair nach bhfuil siad i bhfeidhm go fóill.

15. *MEABHRAÍONN SÍ* gur ar gach tír atá an phríomhfhreagracht as a forbairt eacnamaíoch, comhshaoil agus shóisialta féin agus as spriocanna na SFInna a bhaint amach, agus aird á tarraingt ar ról phrionsabal na coimhdeachta a chuirtear in iúl sna Conarthaí. *CUIREANN SÍ I dTREIS* go bhfuil trédhearcacht agus freagracht ag teastáil chun Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme, agus dá bhrí sin, aithníonn sí gur gá an comhar idir Comhairle an Aontais Eorpaigh, Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún Eorpach agus páirtithe leasmhara eile, go háirithe Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus Coiste Eorpach na Réigiún (CnaR) mar ghuth na réigiún agus na rialtas áitiúil maidir leis na SFIanna a chur chun feidhme, chun aontacht agus comhleanúnachas a fheabhsú in obair chomhpháirteach an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát chun dlús a chur le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, ós rud é go bhfuil sé ríthábhachtach réitigh a chur in oiriúint don chomhthéacs áitiúil agus a dtacaíocht a áirithiú trí chomhordú éifeachtach ingearach cothrománach.

16. I ndáil leis an méid sin, *CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS* a thábhachtaí atá Athbhreithniú Deonach 2023 an Aontais maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe mar athbhreithniú macánta, fianaisebhunaithe, gníomhaíocht-dhírithe agus réamhbhreathnaitheach ar chur chun feidhme Chlár Oibre 2030, lena n-áirítear a thuairisciú ar chomhleanúnachas beartais sa ghníomhaíocht inmheánach agus sheachtrach. *MOLANN SÍ* don Choimisiún tús áite a thabhairt do Comhtháthú Beartas ar mhaithe le Forbairt Inbhuanaithe ina chlár oibre beartais agus a áirithiú go roinnfidh Coláiste iomlán nua na gCoimisinéirí an fhreagracht as Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme mar a iarrtar ina litreacha misin, agus creat cuimsitheach cur chun feidhme a úsáid laistigh de na hacmhainní agus na sásraí atá ann cheana chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

16.1 prionsabail CBFI a chomhtháthú sa timthriall beartais, lena n-áirítear beartais agus cláir a phleanáil, a bhuiséadú, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu trí uirlisí comhleanúnachais a cheapadh, lena n-áirítear trí mheasúnuithe tionchair a dhéanamh ar thograí reachtacha an Aontais, trí chur chuige na fadbhreathnaitheachta straitéisí a fhormhuiniú agus trí aghaidh a thabhairt ar idirnaisc (sineirgí, comhbhabhtálacha agus éifeachtaí seach-iarmharta) i ndáil le Clár Oibre 2030;

16.2 sásraí a neartú chun feabhas a chur ar cheapadh beartas agus ar chlársceidealú comhtháite mar aon le faireachán;

16.3 dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara, agus iarracht a dhéanamh iad a rannpháirtiú i gcéimeanna an timthrialla beartais trí ardán cuimsitheach il-gheallsealbhóra a athbhunú in idirphlé oscailte le CESE agus le CnaR;

16.4 leanúint de logánú na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear trí thaighde an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, d'fhonn na conclúidí ón gComhairle dar teideal 'FORBAIRT CLÁR OIBRE 2030 CHUN NA SPRIOCANNA A BHAINT AMACH: DLÚS A CHUR LE LOGÁNÚ NA SFInna';

16.5 Measúnuithe tionchair rialta a éascú, lena n-áirítear maidir le cearta an duine agus comhionannas inscne chun dul chun cinn a rianú agus trédhearcacht agus cuntasacht a mhéadú maidir le dul chun cinn CBFI de réir tháscaire SFI 17.14.1, agus maidir le beartais agus cláir lena bhforbraítear an Bosca Uirlisí um Rialáil Níos Fearr.

17. *IARANN SÍ* ar an gCoimisiún agus ar SEGS cur chuige comhleanúnach maidir le CBFI a chothú i ngníomhaíochtaí seachtracha an Aontais, lena n-áirítear sineirgí agus comhbhabhtálacha a d'fhéadfadh a bheith ann, agus in éifeachtaí trasteorann agus aird ar leith á tabhairt ar thionchair na mbeartas ar thíortha comhpháirtíochta, tosaíocht a thabhairt — gan dochar don Chreat Airgeadais Ilbhliantúil atá le teacht — d'úsáid ionstraimí airgeadais inbhuanaithe agus leanúint d'úsáid a bhaint as an Seimeastar Eorpach i gcomhréir le Clár Oibre 2030 agus na SFInna a ghabhann leis. Thairis sin, *CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR* gur straitéis thábhachtach é Global Gateway don chomhar um fhorbairt atá dírithe ar infheistíocht agus gur cuid é de thionscnamh níos leithne de chuid an Aontais chun tacú le tíortha comhpháirtíochta Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme, agus díriú ag an am céanna ar na SFInna ar bhealach idirnasctha.

---